# SINN FÉIN WESTMINSTER ELECTION MANIFESTO 2017

STANDING UP FOR EQUALITY, RIGHTS, IRISH UNITY

NO BREXIT
NO BORDER
NO TORY CUTS

STANDING UP FOR EQUALITY, RIGHTS, IRISH UNITY


FOREWORD MICHELLE 3

DESIGNATED SPECIAL STATUS WITHIN THE EUROPEAN UNION 4

A TIME FOR UNITY 5

ENDING TORY CUTS 6

WORKING TO ESTABLISH THE EXECUTIVE 7

PROTECTING YOUR HEALTH SERVICE 8

INVESTING IN EDUCATION 9

SAFEGUARDING YOUR RIGHTS 10

SUPPORTING FARMING AND PROMOTING AGRI-FOODS 11

BUILDING BUSINESS GROWING TRADE 12

GERRY ADAMS MESSAGE 13



Published by Brian Tumilty, Sinn Féin National Director of Elections,
Parnell Square, Dublin 1
Printed by Nova Print, 155 Northumberland St, Belfast , BT13 2JF

Arna foilsiú ag Brian Tumilty, Sinn Féin National Director of Elections,
Parnell Square, Dublin 1
Clódóir, Nova Print, 155 Northumberland St, Belfast , BT13 2JF

# FOREWORD
## FROM MICHELLE O'NEILL

In March, citizens came out to vote in an Assembly election brought about by the RHI scandal, the arrogance and disrespect of the DUP and the refusal of the Tory government to honour agreements.

Your vote made the difference. It changed politics. It ended the belief in a perpetual unionist majority and laid a course for equality, respect and integrity at the heart of a new Executive. Some have yet to respect your vote; but with your continued support change is coming.

The talks process was suspended by a Tory government seeking to consolidate their power at Westminster. A Tory party, with the support of the DUP, that seeks to impose Brexit.

Following this election there will be a massive majority at Westminster to impose Brexit.

The DUP and Tory Brexit policy will be a disaster for our economy, our local business, for farmers and the wider agri-food industry, for the health service, for workers' rights and border communities. It will undermine your rights as EU citizens.

In the Oireachtas, in the European Parliament and in the North Sinn Féin will advocate tirelessly for, and defend your rights as EU citizens, and for your right to work, travel and trade in the EU.

The interests of our economy, our rights and our people will not be delivered at Westminster.

This is a battle that will be won in Ireland and in Brussels.

Sinn Féin is the only All-Ireland party with significant representation in the Assembly and the Dáil, We are the largest Irish political party in the EU parliament.

The way forward is for the North to have designated special status within the European Union.

We have won majority support for this in the Dáil.

Sinn Féin believes that goodwill and flexibility at a European level means it is achievable in the coming negotiations if the Irish government respects the decision of the citizens of the North on Brexit.

Your vote will make a difference.

Brexit and Tory cuts demonstrate the undemocratic nature of partition. Westminster should not be able to dictate our future. Irish unity is now firmly on the agenda and rights and equality have been put centre-stage of the political process.

The choice is clear; vote for parties which agree with the Tories and their cuts, or for parties which do not have the strength or the will to oppose them; or vote Sinn Féin to safeguard your rights, your agreements, your prosperity and your future in a changed Europe.

Sinn Féin is the only party which can seize the opportunities for real change which are now within our grasp.

The opportunity to unite our people and unite our island.

The opportunity to build a new agreed united Ireland with rights and equality for all.

This election is an opportunity to stand against borders, against Brexit and against cuts.

It is your opportunity to stand for equality, for rights and for unity.

Vote Sinn Féin

Michelle O'Neill



# DESIGNATED SPECIAL STATUS WITHIN THE EUROPEAN UNION

The European Union needs to change. Sinn Féin wants a social Europe, which promotes peace, demilitarisation, economic and social justice, international solidarity and greater democratic accountability.

Today's European Union has created widespread hardship as austerity, deregulation and privatisation have undermined the social function of states and the rights of citizens, including the rights of workers.

This has assisted the growth of far-right parties, which exploit people's fears. Brexit is a consequence of that. Brexit is not the answer.

Brexit will have a detrimental impact on the Good Friday Agreement and the principles of the peace process as well as devastating consequences for the economy across Ireland.

The alternative to Brexit is designated special status for the North within the European Union. This can be done within the current constitutional arrangement. The only other way to prevent Brexit is through a United Ireland

The EU has shown itself to be flexible in dealing with different forms of integration and different forms of relationships for member states and non-member states.

Designated Special Status would preserve access to the Single Market and Customs Union; ensure that we retain the Common Travel Area and maintain access to all EU funding streams.

**SINN FÉIN PRIORITIES INCLUDE:**

- Delivering designated special status for the North within the EU.
- Continued political representation for the north of Ireland within the EU Parliament and ministers from the Six County Executive should continue to attend EU Council of Ministers' meetings, when necessary.
- Given that the Good Friday Agreement is a bilateral treaty no agreement between the EU and the British government may apply to the north of Ireland without agreement of both governments.
- Special provisions to allow the North to seamlessly resume full status within the EU in the aftermath of a successful Irish Unity referendum.

NO BREXIT
NO BORDER
NO TORY CUTS

# A TIME FOR UNITY

Sinn Féin believes there should be a referendum vote on Irish unity within the next five years.

A strong vote for Sinn Féin in this election will strengthen that demand and advance the imperative of ending partition and for reunification.

The imposition of Brexit and cuts from the Tories demonstrates the unjust and undemocratic nature of partition and the union.

Partition divided our people, our economy, our public services, and the democratic system. It was wrong and it has failed. Ending partition has now taken on a new dynamic following the Brexit referendum.

Brexit and the imposition of an EU frontier across Ireland has the potential to further entrench partition. For all of Ireland to prosper, partition needs to be eradicated, not reinforced.

The Good Friday Agreement and subsequent agreements provided for greater all-Ireland co-operation and a peaceful democratic pathway to Irish Unity.

The European Council has acknowledged that in the event of a vote in support of Irish Unity all of Ireland would be part of the European Union.

Now is the time to plan, to build and to win a new, agreed and united Ireland. A progressive prosperous, equal and inclusive Ireland. One in which all identities and traditions have a place and the opportunity to contribute to our shared nation.

Now is the time for unity.

**SINN FÉIN PRIORITIES INCLUDE:**

- Securing and winning a referendum on Irish Unity
- Building a new agreed and united Ireland
- Realising the economic potential of Irish Unity

NO BREXIT
NO BORDER
NO TORY CUTS

# ENDING TORY CUTS

Over recent years, Tory governments at Westminster have cut hundreds of millions from public services in the North and sought to impose swingeing cuts on those most in need in society.

Sinn Féin believes public services should be properly financed and that financial supports are given to ensure people can have a decent standard of living.

Tory austerity has not impacted on everyone in the same way. They have pursued a policy of tax cuts for the rich while the poorest have had their benefits cut.

Despite the Tory cuts, Sinn Féin has sought to protect front-line services and to defend the most vulnerable in our society. However, the Tory's tax and cuts agenda continues to increase poverty and inequality.

The imposition of Brexit on top of their cuts will be a double whammy for our economy and public services.

**SINN FÉIN PRIORITIES INCLUDE:**

- Securing the fiscal powers to build a prosperous and fair economy
- Supporting and investing in public services
- Protecting those most in need
- Realising the potential benefits of greater all-Ireland co-operation.

NO BREXIT
NO BORDER
NO TORY CUTS

# WORKING TO ESTABLISH THE EXECUTIVE

In the Assembly elections, the people of the North overwhelmingly backed the need for change.

They endorsed Martin McGuinness's position that there had to be an end to political corruption, to disrespect and inequality.

Since then, Sinn Féin has engaged in talks to secure the full implementation of the existing agreements and to establish an Executive working with integrity and delivering for all with equality and respect.

The Executive could be re-established tomorrow if the Tory party and the DUP lived up to their responsibilities.

Instead the talks have been suspended by the Tory party for a self-serving election.

We have again heard repeated refusals from the DUP to support an Irish Language Act and opposing funding to promote the Irish Language by Belfast City Council.

We have witnessed both the Tory party and the DUP setting aside the agreements on legacy and seeking impunity for members of the British army and their agents.

We still have a way to go to resolve these issues, to find agreement and get to the bottom of the RHI scandal.

After the election on the 8th June we will immediately return to talks.

With your support, we can secure the implementation of agreements and ensure we get an Executive up and working for all in society.

**SINN FÉIN PRIORITIES INCLUDE:**

- The full implementation of the Good Friday and subsequent agreements
- An Irish Language Act and Marriage Equality
- For respect, equality and integrity in the Executive

**NO BREXIT**
**NO BORDER**
**NO TORY CUTS**

# PROTECTING YOUR HEALTH SERVICE

The Tory Party has sought to starve the health service of funds and promote privatisation.

Sinn Féin believes in a truly national public health service based on need and free at the point of delivery.

Michelle O'Neill as health minister received the Bengoa Report, a plan to transform the health service in the north. We want to see it resourced and implemented.

The biggest threat to this plan and to your health services is Tory party cuts and the DUP Brexit.

**BREXIT AND HEALTH CARE WORKERS**

In the north, 8.8% of registered doctors come from other EU countries and many others received their medical training in the south. There are no arrangements in place to ensure that these crucial staff can remain or have their qualifications recognised.

**BREXIT AND CROSS-BORDER HEALTH CO-OPERATION**

Services such as paediatric cardiology in Dublin, the new Radiotherapy Unit in Derry, out-of-hour GP services in Castleblaney, and Inishowen, and ENT services at Monaghan, Daisy Hill and Craigavon hospitals have all reduced patient travelling times and waiting lists. These services and agreements are now at risk due to Brexit.

**BREXIT AND HEALTH COVER**

EU membership provides access to healthcare in other European countries. Post-Brexit, your European Health Insurance Card will no longer guarantee you free treatment if you fall sick while travelling or working in the South or in an EU country. You will face additional health insurance costs.

Brexit threatens not just the free movement of health workers but also induces a chill factor where people may no longer come here to deliver the services we need.

**SINN FÉIN PRIORITIES INCLUDE:**

- The North to be designated special status within the EU to safeguard your health and services
- Retaining crucial health care workers
- Continued free access to health care across the EU
- Resisting Tory Cuts to health care and mental health
- The resourcing of health care and the implementation of the Bengoa Report
- Greater all-Ireland co-operation in health care
- The development of truly national health care services

**NO BREXIT**
**NO BORDER**
**NO TORY CUTS**

# INVESTING IN EDUCATION AND SCHOOLS

The Tory party at Westminster have proposed cutting the education budget.

Sinn Féin is for investing in education and offering opportunities to our young people to study and travel abroad. Tory cuts and the DUP Brexit will end access to EU funds and supports to research and students.

**BREXIT AND SCHOOL FUNDING**

Brexit will cut €30 million PEACE IV funding from 350 schools as well as funding for 7,000 marginalised young people who are not in education, employment or training.

**BREXIT AND RESEARCH FUNDING**

Higher Education Institutions and other researchers here have accessed €15.5 million funding from the Horizon 2020 programme. This funding stream for new projects will end with Brexit.

**BREXIT AND STUDENTS**

The EU's Erasmus+ programme supports inter-European opportunities for students to travel and study aboard. This is under threat by Brexit. There is also no guarantee that qualifications will be recognised in any European country.

**BREXIT AND STUDENT FEES**

Students from the North who wish to study in the South face the prospect of tuition fees levied at the International Student rate which is between €6,750 and €49,000, more expensive than the current €3,000 charge.

**SINN FÉIN PRIORITIES INCLUDE:**

- The North to be designated special status within the EU to safeguard our schools and universities, and our education system.
- Opposing Tory cuts and investing in education
- Continued access to Peace and other funding
- Continued access to EU-wide research opportunities
- An all-Ireland approach to education planning and student studies
- The movement of students across Europe and recognition of qualifications.

NO BREXIT
NO BORDER
NO TORY CUTS

# SAFEGUARDING YOUR RIGHTS

The Tory party and the DUP have sought to minimise your rights and entitlements to human, civil and workers' rights.

They have refused to sign up to a Bill of Rights that is central to the Good Friday and other agreements. Refused to recognise the rights of Irish speakers, and the right to marriage equality.

We have seen all too clearly the attempts of the British government to obstruct legacy inquests and to offer immunity to their armed forces for crimes carried out here.

Sinn Féin believes in a rights-based society, with equality and mutual respect at its core.

Under Brexit your rights and agreements will be further eroded.

**BREXIT AND HUMAN RIGHTS ACT**

The Tory party plan to scrap the 1998 Human Rights Act (HRA) and to remove the British Government from any international human rights accountability.

The HRA gives effect to the European Convention on Human Rights (ECHR) and grants access to the European Court of Human Rights (ECtHR). Access to the convention and court are fundamental commitments of the Good Friday Agreement.

The ECHR affords protections for fundamental rights including; freedom from torture, the right to a private life, the right of cultural identity, freedom of conscience and religion, freedom from discrimination and the right to life.

The scrapping of the HRA would restrict access to this essential Human Rights court.

**BREXIT AND WORKERS' RIGHTS**

Brexit will mean the EU Charter of Fundamental Rights would not apply, and the EU Court of Justice (ECJ) would not be the final arbiter in providing rights' protections.

Access to the ECJ has been vital to ensuring that women are entitled to equal pay for equal work despite British courts having denied them this for seven years.

It took a decision of the European Commission to ensure that women not only received equal pay for being in the same job as a man but also that they received equal pay for doing work of equal value.

EU law ensured that women could not be dismissed because they were pregnant, overturning a ruling in a British Court that such a dismissal did not constitute sex discrimination.

The ECJ ensured that part-time workers received paid holiday leave and has guaranteed levels of health and safety at work.

**SINN FÉIN PRIORITIES INCLUDE:**

- The North to be designated special status within the EU to safeguard your rights and access to the European Court of Human Rights.
- Safeguarding all the rights and entitlements of the Good Friday and subsequent agreements.
- A Bill of Rights for the North.
- An All-Ireland charter of fundamental rights
- Ending Zero Hours Contracts
- Protecting workers' rights

**NO BREXIT**
**NO BORDER**
**NO TORY CUTS**

# SUPPORTING FARMING AND PROMOTING AGRI-FOODS

In the pursuit of Brexit, the DUP and Tory party are prepared to lay waste to our rural communities and farming economy. The farming sector is both a major food provider and a major employer.

**BREXIT AND FARMING**

The north is a net beneficiary of EU funds. Our agriculture sector is heavily dependent on EU funding via direct payments/single farm payments from the Common Agriculture Policy. It is estimated that 87% of farm incomes come from these payments.

Brexit would represent a loss of £236 million per annum to farmers, an average of £10,184 per farm, as well as also removing £186 million from our Rural Development Programme.

The DUP has supported a Tory Party that refuses to commit to replacing funds lost by Brexit.

Brexit will impose costly barriers including tariffs, origin checks, more paperwork, physical border checks and two different regulatory regimes. A large number of animals and products travel north and south for processing, slaughter and breeding every day. Brexit will have massive implications on the sale, marketing and price of these products should no solution for country-of-origin labelling be found.

EU Regulations ensure a high standard of produce, Brexit exposes us to the vulnerability of cheap imports as the Tories pursue trade deals which reflect their needs and not those of producers in the north.

**SINN FÉIN PRIORITIES INCLUDE:**

- The North to be designated special status within the EU to ensure continued supports to farming communities and access to markets.
- A Free and Fair Trade Agreement rooted in equivalence of standards and mutual recognition that protects long established trade and processing routes.
- A transitional arrangement to bridge the gap between the Brexit and final agreement on a new British-EU trading relationship with phased implementation of new relationships.
- Maintaining access to CAP farm payments
- Country-of-origin labelling for the island as a whole.
- Ensuring access to labour and workers' rights.

NO BREXIT
NO BORDER
NO TORY CUTS

# BUILDING BUSINESS GROWING TRADE

The Tory party and DUP Brexit poses a huge threat to the economic future of the people of this island in terms of a land border on the island, the north being forced out of the single market and barriers to trade.

What is required is a pro-active detailed strategy to deal with the special and unique circumstances faced by the island of Ireland including protecting all-Ireland trade and dealing with the huge challenges in relation to future trading arrangements between the EU and Britain.

Sinn Féin wants to realise the potential of our economy free, from a border.

In order to realise our economic potential in particular we need to build a prosperous economy with strong local small and medium size businesses and export-led growth, attractive to foreign direct investment, and with a strong skills base and respect for workers, we must retain membership of the EU.

Put simply, Brexit is bad for business and bad for workers.

## BREXIT AND TRADE

The EU is an important market, buying over £5bn of our goods and services last year, the majority of which was all-Ireland trade. Brexit will place additional costs and restrictions to this trade. Despite the rhetoric of "frictionless" and "seamless" borders, the reality is the Irish government is already preparing the customs sites that will be required to enforce the new control and regulatory regimes that Brexit will entail.

## BREXIT AND FDI

Offering access to the single market is key to our attraction as a location for inward investment, particularly in higher-skilled and higher-paid sectors. The loss of access to the EU market will undermine our attractiveness to FDI and cost thousands of jobs.

## BREXIT AND STRUCTURAL FUNDS

The EU is an important source of Structural Funds, designed to reduce regional disparities in wealth, income, and opportunity. Brexit will lock the North out of these funds with a knock-on impact across Ireland with a potential loss of €982 million.

## SINN FÉIN PRIORITIES INCLUDE:

- The North to be designated special status within the EU to ensure continued access to EU markets, funding and supports.
- A trade deal with Britain.
- Ensuring EU energy and Infrastructure programmes look at the needs of the island of Ireland as a whole.
- A range of fiscal measures to mitigate the disastrous impact of Brexit including changes to EU fiscal rules, exception to EU State Aid rules, a new Brexit Solidarity Fund and broadening the scope of the Globalisation Adjustment Fund and other funding opportunities.
- Safeguarding workers rights.

NO BREXIT
NO BORDER
NO TORY CUTS

# MESSAGE
## FROM GERRY ADAMS

Every election is important. But some have a historic significance that resonates for years.

The last Assembly election was one of those. If ever citizens needed proof of the power of their VOTE it was the Assembly election.

The election on June 8th has the potential to be another.

It was called by the British Prime Minister to serve narrow right-wing English Tory interests.

Irish interests – of any kind – unionist or nationalist are of no concern to Theresa May.

Her only interest is Brexit. Her only interest is British or English national interest.

That's the same interest being promoted by the DUP and the UUP.

Both these parties are for Brexit.

Sinn Féin is opposed to Brexit. Our task is to challenge those parties which support Brexit.

June's election provides an opportunity to do this.

It will be an opportunity to take our republican vision; our message of hope in the future, of unity, reconciliation and peace to the electorate.

To raise again the right of citizens to equality; to parity of esteem and to fundamental human rights.

To defend the Good Friday Agreement.

To stand up for an Irish Language Act and for Irish speakers.

To stand up for the right of citizens to marriage equality.

To stand up for a Bill of Rights.

Last June the majority of citizens in the North voted to remain in the EU. We have to defend that vote.

Sinn Féin has put forward a viable alternative to Brexit.

We believe that the interests of citizens on this island require that the North be designated a special status within the EU.

In this way there will be no EU frontier on our island.

The outcome of this election in the North will be closely scrutinised.

It will shape the talks to re-establish the Executive.

It will be seen as another measure of support for unity.

We have to send a clear signal that in this election people are saying:

NO to the Tories YES to rights for everyone

NO to the Border YES to Peace and Reconciliation

And NO to Brexit YES to Unity

A vote for Sinn Féin on June 8th is a vote for representation where it counts.

Not wasting time at Westminster.

A vote for Sinn Féin will strengthen our team of TDs, Senators, MEP's, MLAs and Councillors in the largest party on this island.

This election is a battle for rights, equality, and Irish unity.

It is about a new Ireland based on equality and respect.

**So let's make history on June 8th.**

**Every vote will count.**

**A strong vote for Sinn Féin – a strong vote against Brexit and for Irish unity – are essential on June 8th.**



NO BREXIT
NO BORDER
NO TORY CUTS



# TOGHCHÁN WESTMINSTER 2017
# FORÓGRA SHINN FÉIN

AN FÓD A SHEASAMH AR SON
COMHIONANNAIS, CEARTA,
ATHAONTÚ NA hÉIREANN

IN AGHAIDH BREXIT,
NA TEORANN,
CIORRUITHE NA DTÓRAITHE

# AN FÓD A SHEASAMH AR SON COMHIONANNAIS, CEARTA, ATHAONTÚ NA hÉIREANN


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ MICHELLE | 3 |
| SÁINSTÁDAS AR LEITH SAN AONTAS EORPACH | 4 |
| TÁ SÉ IN AM AONTÚ | 5 |
| DEIREADH LE CIORRUITHE NA dTÓRAITHE | 6 |
| AG OBAIR LE FEIDHMEANNAS A BHUNÚ | 7 |
| COSAINT DO BHUR SEIRBHÍS SLÁINTE | 8 |
| INFHEISTÍOCHT SAN OIDEACHAS AGUS I SCOILEANNA | 9 |
| AG COSAINT DO CHEARTA | 10 |
| TACÚ LE FEIRMEOIREACHT AGUS AGRAIBHIA A CHUR CHUN CINN | 11 |
| GNÓ A THÓGÁIL, TRÁDÁIL A MHÉADÚ | 12 |
| TEACHTAIREACHT Ó GERRY ADAMS | 13 |



Published by Brian Tumilty, Sinn Féin National Director of Elections, Parnell Square, Dublin 1
Printed by Nova Print, 155 Northumberland St, Belfast , BT13 2JF

Arna foilsiú ag Brian Tumilty, Sinn Féin National Director of Elections, Parnell Square, Dublin 1
Clódóir, Nova Print, 155 Northumberland St, Belfast , BT13 2JF

# RÉAMHRÁ
## Ó MICHELLE O'NEILL

I mí an Mhárta tháinig saoránaigh amach le vótáil i dtoghchán a d'eascair as scannal an RHI, as sotal agus dímheas an PAD, agus as diúltú Rialtas na dTóraithe seasamh le comhaontuithe.

Vóta s'agaibh a rinne an difear. D'athraigh sé an pholaitíocht. Chuir sé deireadh le creidiúint i mbuantromlach aontachtach agus leag amach bealach don chomhionannas, don mheas agus don ionracas i gcroílár Feidhmeannais úir. Táthar ann go fóill a bhfuil meas le léiriú acu ar bhur vóta; ach tá athrú ar an bhealach tríd an tacaíocht a thugann sibh ar fad.

Chuir Rialtas na dTóraithe, atá ag iarraidh a gcumhacht in Westminster a dhaingniú, stop le próiseas na gcainteanna. Is páirtí iad atá ag iarraidh, i gcomhpháirt leis an PAD, Brexit a chur i bhfeidhm

I ndiaidh an toghcháin seo beidh tromlach ollmhór in Westminster le Brexit a chur i bhfeidhm. Beidh polasaí Brexit Rialtas na dTóraithe agus an PAD tubaisteach don gheilleagar, don ghnó áitiúil, d'fheirmeoirí agus do mhórthionscal an agraibhia, don tseirbhís sláinte, do chearta oibrithe agus do phobail ar an teorainn anseo. Bainfidh sé seo de bhur gcearta féin mar shaoránaigh Eorpacha.

Tacóidh Sinn Féin gan stad gan staonadh le bhur gcearta mar shaoránaigh san Oireachtas, san AE, agus sa Tuaisceart, agus cosnóidh bhur gcearta chun na hoibre, an taistil agus na trádála san AE.

Ní dhéanfar leas ár ngeilleagair, ár gcearta, ná ár ndaoine in Westminster. Is cath é seo a bhainfear in Éirinn agus sa Bhruiséil.

Is é Sinn Féin an t-aon pháirtí uile-Éireann a bhfuil ionadaíocht shuntasach sa Tionól agus sa Dáil acu. Is muid an páirtí polaitíochta Éireannach is mó i bParlaimint an AE.

Is é sáinstádas ar leith san Aontas Eorpach an bealach chun tosaigh don tuaisceart.

Bhain muid tacaíocht an tromlaigh amach dó seo sa Dáil.

Má bhíonn meas ag rialtas na hÉireann ar chinneadh shaoránaigh an tuaiscirt ar Brexit, creideann Sinn Féin go bhfágfaidh dea-thoil agus solúbthacht ag leibhéal na hEorpa go mbeidh sé indéanta sna toghcháin romhainn.

Déanfaidh do vóta difear.

Léiríonn Brexit agus ciorruithe na dTóraithe a neamhdhaonlathaí agus atá críochdheighilt na tíre. Níor cheart go mbeadh Westminster in ann ár dtodhchaí a rialú. Tá aontú na hÉireann go daingean ar an chlár oibre agus tá cearta agus comhionannas curtha i gcroílár phróiseas na polaitíochta.

Tá rogha soiléir ann; vótáil ar son páirtithe a aontaíonn leis na Tóraithe agus a gcuid ciorruithe, nó ar son páirtithe nach bhfuil an láidreacht nó toil acu dul ina n-éadan, nó vótáil Sinn Féin le bhur gcearta, bhur gcomhaontuithe, bhur rath, agus bhur dtodhchaí in Eoraip athraithe a chosaint.

Is é Sinn Féin an t-aon pháirtí amháin ar féidir leo na deiseanna a thapú don fhíorathrú atá faoi fhad láimhe anois dúinn.

An deis lenár ndaoine agus lenár n-oileán a aontú.

An deis Éire nua agus aontaithe a thógáil a mbeidh cearta agus comhionannas do chách ann.

Is deis é an toghchán seo le seasamh in éadan teorainneacha, Brexit agus ciorruithe.

Bhur ndeis le seasamh ar son comhionannais, cearta agus aontú na tíre.

Vótálaigí Sinn Féin





# SÁINSTÁDAS AR LEITH SAN AONTAS EORPACH

Tá gá le hathrú san Aontas Eorpach. Ba mhaith le Sinn Féin Eoraip shóisialta a chuireann an tsíocháin, an dímhíleatú, cóir eacnamaíochta agus shóisialta, dlúthpháirtíocht idirnáisiúnta agus freagracht níos mó sa daonlathas chun cinn.

Chothaigh Aontas Eorpach an lae inniu cruatan forleathan tríd an déine, an dírialáil agus an príobháidiú ag baint an bhoinn d'fheidhm shóisialta na stát agus de chearta saoránach, ar a n-áirítear cearta oibrithe.

Chuidigh seo le fás na ngrúpaí i bhfad amuigh ar an eite dheis, grúpaí a bhaineann tairbhe as eagla daoine. Tá Brexit féin ar na hiarmhairtí a bhaineann leis seo. Ní hé Brexit an freagra.

Beidh Comhaontú Aoine an Chéasta agus prionsabail phróiseas na síochána thíos le Brexit agus beidh iarmhairtí tubaisteacha ann don gheilleagar ar fud na hÉireann.

Is é stádas faoi leith don tuaisceart san Aontas Eorpach a mhalairt slí ag Brexit. Is féidir seo a dhéanamh faoin tsocrú reatha bunreachtúil. Éire aontaithe an t-aon dóigh eile le cosc a chur le Brexit.

Léirigh an tAE solúbthacht maidir le bheith ag plé le cineálacha éagsúla comhtháthaithe agus caidreamh do bhallstáit agus do stáit nach baill iad.

Choinneodh sáinstádas ar leith fáil ar an Mhargadh Aonair agus ar an Aontas Custam; dhéanfadh sé cinnte go bhfanann muid sa Chomhlimistéir Taistil agus bheadh fáil go fóill againn ar gach sruth maoinithe AE.

**ÁIRÍONN TOSAÍOCHTAÍ SHINN FÉIN:**

- Sáinstádas ar leith don tuaisceart san AE a sholáthar.
- Leanúint d'ionadaíocht pholaitiúil do thuaisceart na hÉireann i bParlaimint an AE agus ba chóir go leanfaí airí ó Fheidhmeannas na Sé Chontae de bheith ag freastal ar chruinnithe de chuid Chomhairle na nAirí AE nuair is gá.
- Ó tharla gur conradh déthaobhach é Comhaontú Aoine an Chéasta ní féidir socrú ar bith a dhéanamh idir rialtas na Breataine agus an tAE a bhaineann le tuaisceart na hÉireann gan aontú an dá rialtas.
- Socruithe speisialta le ligean don tuaisceart leanúint gan dua le stádas iomlán san AE i ndiaidh reifrinn rathúil ar Aontú na hÉireann.

IN AGHAIDH BREXIT,
NA TEORANN,
CIORRUITHE NA DTÓRAITHE

# TÁ SÉ IN AM AONTÚ

Creideann Sinn Féin gur cheart reifreann a reáchtáil ar Aontú na hÉireann sna cúig bliana amach romhainn.

Cuirfidh vóta láidir do Shinn Féin leis an éileamh sin agus cuirfidh sé chun tosaigh fosta an gá le tabhairt faoi athaontú agus le deireadh a chur le críochdheighilt.

Léiríonn cur i bhfeidhm Brexit agus chiorruithe na dTóraithe a éagóraí agus neamhdhaonlathaí atá an chríochdheighilt agus an t-aontas.

Tá ár ndaoine, ár ngeilleagar, ár seirbhísí poiblí agus an córas daonlathach scoilte ag an chríochdheighilt. Bhí sí contráilte agus theip uirthi. Tá brí úr anois ag baint le deireadh na críochdheighilte i ndiaidh reifreann Brexit.

Is féidir go gcuirfeadh Brexit agus cur i bhfeidhm teorainn AE in Éirinn le daingniú na críochdheighilte. Caithfear críochdheighilt a dhíothú, ní a dhaingniú, le go mbíonn rath ar Éirinn ar fad.

Chuir Comhaontú Aoine an Chéasta agus comhaontuithe eile ó shin tuilleadh comhoibrithe uile-Éireann ar fáil, taobh le bealach síochánta daonlathach chuig Aontú na hÉireann.

D'aithin Comhairle na hEorpa go mbeadh Éire ar fad ina cuid den Aontas Eorpach san áit a mbeadh vóta ar son Aontú na hÉireann.

Tá an t-am againn pleanáil agus tógáil le hÉirinn nua, chomhaontaithe agus aontaithe a bhaint amach. Éire fhorásach, rathúil, chothrom agus chuimsitheach. Éire a mbeidh áit ag gach féiniúlacht agus traidisiún ann, agus ina mbeidh deis ag gach ceann acu cur lenár náisiún comhroinnte.

Anois an t-am d'aontú.

**ÁIRÍONN TOSAÍOCHTAÍ SHINN FÉIN:**

- Reifreann ar Aontú na hÉireann a shocrú agus a bhaint.
- Éire nua, chomhaontaithe agus aontaithe a thógáil.
- Féidearthachtaí eacnamaíochta Aontú na hÉireann a fhíorú.

# DEIREADH LE CIORRUITHE NA dTÓRAITHE

Le blianta beaga anuas, ghearr rialtais na dTóraithe in Westminster na céadta milliún de sheirbhísí poiblí sa tuaisceart agus rinne iarracht ciorruithe forleathana a chur i bhfeidhm orthu siúd is mó a bhfuil cuidiú de dhíth orthu.

Creideann Sinn Féin gur chóir go maoineofaí seirbhísí poiblí mar is ceart agus go dtabharfaí cuidiú airgid lena chinntiú go mbíonn caighdeán maith maireachtála ag daoine.

Ní hionann an dóigh a ndeachaigh déine na dTóraithe i bhfeidhm ar gach duine. Lean siad le polasaí gearrtha cánach do dhaoine saibhre ach ghearr siad siar ar shochair na ndaoine is boichte.

In ainneoin na gciorruithe, d'fhéach Sinn Féin le seirbhísí duine-le-duine agus leis an mhuintir is leochailí inár sochaí a chosaint. Ina dhiaidh sin áfach, cuireann clár cánach agus ciorruithe na dTóraithe le hanas agus le héagothroime ar fad.

Beidh cur i bhfeidhm Brexit agus a gcuid ciorruithe ina bhuille dúbailte ar an gheilleagar agus ar sheirbhísí poiblí anseo.

**ÁIRÍONN TOSAÍOCHTAÍ SHINN FÉIN:**

- Cumhachtaí cuí airgeadais a bhaint le geilleagar rathúil agus cothrom a thógáil.
- Infheistíocht agus tacaíocht do sheirbhísí poiblí.
- Cosaint dóibh siúd is mó díth.
- Buntáistí féideartha comhoibrithe mhéadaithe uile-Éireann a fhíorú.

# AG OBAIR LE FEIDHMEANNAS A BHUNÚ

Don chuid is mó, thacaigh daoine sa tuaisceart leis an ghá le hathrú i dtoghchán an Tionóil.

Thacaigh siad le seasamh Martin McGuinness go raibh deireadh le cur le caimiléireacht, le dímheas agus le héagothroime sa pholaitíocht.

Ó shin i leith, chuaigh Sinn féin i mbun na cainteanna le cur i bhfeidhm iomlán na gcomhaontuithe reatha a chinntiú agus le feidhmeannas a bhunú a fheidhmíonn le hionracas agus a fhreastalaíonn le cothrom agus le meas ar gach duine.

Thiocfadh dó go n-athbhunófaí an feidhmeannas amárach dá gcomhlíonfadh na Tóraithe agus an PAD a gcuid dualgas.

Ina áit sin, chuir na Tóraithe na cainte ar atráth ar mhaithe le toghchán leithleasach.

Chuala muid arís agus arís an PAD ag diúltú tacú le hAcht Gaeilge agus le maoiniú leis an Ghaeilge a chur chun cinn i gComhairle Chathrach Bhéal Feirste.

Chonaic muid na Tóraithe agus an PAD araon ag cur socruithe leagáide i leataobh agus iad ag iarraidh baill d'arm na Breataine agus a gcuid gníomhairí a bheith saor ó phionóis.

Is féidir na ceisteanna seo a réiteach go fóill, le teacht ar shocrú agus an fhírinne a fháil amach faoi scannal an RHI.

I ndiaidh an toghcháin ar an 8ú Meitheamh fillfidh muid láithreach ar chainteanna.

Is féidir linn cur i bhfeidhm na gcomhaontuithe a chinntiú le do thacaíocht, agus a bheith cinnte dó go mbunaítear Feidhmeannas a fheidhmíonn do gach duine anseo.

**ÁIRÍONN TOSAÍOCHTAÍ SHINN FÉIN:**

- Cur i bhfeidhm iomlán Chomhaontú Aoine an Chéasta agus comhaontuithe eile ó shin.
- Acht Gaeilge agus Comhionannas Pósta.
- Meas, comhionannas, agus ionracas san Fheidhmeannas

**IN AGHAIDH BREXIT,**
**NA TEORANN,**
**CIORRUITHE NA DTÓRAITHE**

# COSAINT DO BHUR SEIRBHÍS SLÁINTE

D'fhéach Páirtithe na dTóraithe le maoiniú na seirbhíse sláinte a thacht agus leis an phríobháidiú a chur chun cinn.

Creideann Sinn Féin i seirbhís sláinte iomlán náisiúnaithe, bunaithe ar ghá agus saor ag pointe na rochtana.

Fuair Michelle O'Neill tuairisc Bengoa agus í ina hAire Sláinte. Plean a bhí ann le seirbhís sláinte an tuaiscirt a athrú ó bhonn. Ba mhaith linn na hacmhainní cuí tugtha dó agus é curtha i bhfeidhm.

Is iad ciorruithe na dTóraithe agus Brexit an PAD na bagairtí is mó ar an phlean seo agus ar bhur sláinte.

## BREXIT AGUS OIBRITHE CÚRAM SLÁINTE

Is as tíortha eile san AE 8% de dhochtúirí an tuaiscirt agus fuair cuid mhór eile a gcuid oiliúna leighis sa deisceart. Níl socruithe ar bith déanta le gur féidir leis na hoibrithe ríthábhachtacha seo fanacht nó lena gcuid cáilíochtaí a aithint.

## BREXIT AGUS COMHOIBRIÚ SLÁINTE TRASTEORANN

Tá am taistil othar agus liosta feithimh laghdaithe ag seirbhísí amhail cairdeolaíocht phéidiatraiceach i mBaile Átha Cliath, an t-aonad úr radaiteiripe i nDoire, seirbhísí DG lasmuigh de ghráthuaireanta i mBaile na Lorgan agus in Inis Eoghain, agus seirbhísí CSS in otharlanna Mhuineachán, Chnoc na Nóiníní agus Chreag Abhann. Tá na seirbhísí agus na socruithe seo anois i mbaol de dheasca Brexit.

## BREXIT AGUS CLÚDACH SLÁINTE

Soláthraíonn ballraíocht AE fáil ar chúram sláinte i dtíortha eile de chuid na hEorpa. I ndiaidh Brexit ní bheidh cinnteacht ar bith go mbeidh cúram saor in aisce má tharlaíonn duine tinn agus iad ag taisteal nó ag obair sa deisceart nó i dtír eile san AE. Gearrfar costais bhreise don chúram sláinte ar an othar. Ní amháin gur bagairt é Brexit ar shaorghluaiseacht oibrithe ach cuirfidh sé as do dhaoine teacht anseo le seirbhísí atá de dhíth orainn a sheachadadh.

## ÁIRÍONN TOSAÍOCHTAÍ SHINN FÉIN:

- Sáinstádas ar leith don tuaisceart san AE le bhur sláinte agus bhur seirbhísí a chosaint.
- Oibrithe ríthábhachtacha sláinte a choinneáil anseo.
- Rochtain saor in aisce ar chúram sláinte san AE ar fad.
- Cur in éadan chiorruithe na dTóraithe ar chúram sláinte agus ar shláinte mheabhrach.
- Acmhainní a chur ar fáil don tsláinte agus cur i bhfeidhm thuairisc Bengoa.
- Tuilleadh comhoibrithe uile-Éireann sa chúram sláinte.
- Forbairt seirbhísí sláinte iomlán náisiúnaithe.

IN AGHAIDH BREXIT,
NA TEORANN,
CIORRUITHE NA DTÓRAITHE

# INFHEISTÍOCHT SAN OIDEACHAS AGUS I SCOILEANNA

Mhol Tóraithe Westminster gearradh siar ar bhuiséad an oideachais. Tá Sinn Féin i bhfách le hinfheistíocht san oideachas agus le deiseanna a thairiscint dár ndaoine óga bheith ag staidéar nó ag taisteal thar sáile. Cuirfidh ciorruithe na dTóraithe agus Brexit an PAD deireadh le fáil ar mhaoiniú agus ar thacaíocht AE don taighde agus do mhic léinn.

**BREXIT AGUS MAOINIÚ SCOILEANNA**

Gearrfaidh Brexit €30 milliún de mhaoiniú PEACE IV de 350 scoil taobh le maoiniú do 7,000 duine óg imeallaithe nach bhfuil san oideachas, fostaithe nó ag traenáil.

**BREXIT AGUS MAOINIÚ TAIGHDE**

Tá Institiúidí Ardoideachais agus taighdeoirí eile i ndiaidh €15.5 milliún a fháil trí chlár an Horizon 2020. Cuirfear deireadh leis an tsruth seo maoinithe do thionscadail nua le Brexit.

**BREXIT AGUS MIC LÉINN**

Tacaíonn an clár AE Erasmus+ le deiseanna idir-Eorpach do mhic léinn a bheith a staidéar agus ag taisteal thar sáile. Tá seo i gcontúirt ag Brexit. Chomh maith leis sin níl cinnteacht ar bith go n-aithneofar cáilíochtaí i dtír ar bith san Eoraip.

**BREXIT AGUS TÁILLÍ MIC LÉINN**

Is féidir go mbeidh táillí le híoc ag mic léinn an tuaiscirt ar mhian leo bheith ag staidéar sa deisceart. Gearrtar iad ag ráta an mhic léinn idirnáisiúnta atá idir €6,750 agus €49,000. I bhfad níos costasaí ná an €3,000 faoi láthair.

**ÁIRÍONN TOSAÍOCHTAÍ SHINN FÉIN:**

- Sáinstádas ar leith don tuaisceart san AE lenár scoileanna, ár n-ollscoileanna agus ár gcóras oideachais a chosaint.
- Cur in éadan ciorruithe na dTóraithe agus infheistíocht san oideachas.
- Fáil go fóill ar PEACE agus ar mhaoiniú eile.
- Fáil go fóill ar dheiseanna eile taighde ar fud na hEorpa.
- Cur chuige uile-Éireann don phleanáil oideachais agus léann ollscoile.
- Gluaiseacht mac léinn ar fud na hEorpa agus aitheantas dá gcáilíochtaí.

# DO CHEARTA A CHOSAINT

Rinne na Tóraithe agus an PAD iarracht bhur gcearta agus teidlíochtaí ar chearta daonna, sibhialta agus oibrithe a laghdú.

Dhiúltaigh siad a n-ainm a chur le Bille Cearta atá lárnach do Chomhaontú Aoine an Chéasta agus eile. Dhiúltaigh siad fosta cearta Gaeilgeoirí agus ceart an chomhionannais phósta a aithint.

Chonaic muid go soiléir na hiarrachtaí ag rialtas na Breataine bac a chur ar ionchoisní leagáide agus saoirse ó phionóis a thairiscint dá bhfórsaí airm i dtaca le coireanna a rinne siad anseo.

Creideann Sinn Féin i sochaí bunaithe ar chearta agus a bhfuil comhionannas agus cóimheas lárnach ann. Bainfear tuilleadh de bhur gcearta agus de bhur gcomhaontuithe.

**BREXIT AGUS ACHT CEARTA DAONNA**

Tá rún ag na Tóraithe deireadh a chur le hAcht Cearta Daonna (ACD) 1988 agus rialtas na Breataine a scaradh le freagracht ar bith idirnáisiúnta ar chearta daonna.

Cuireann ACD an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine i bhfeidhm (CECD), agus tugann sé fáil ar an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (CtECD). Is bunghealltanas de chuid Chomhaontú Aoine an Chéasta é fáil ar an choinbhinsiún agus ar an chúirt.

Tugann CECD cosaint ar bhunchearta ar a n-áirítear; saoirse ó chéasadh, an ceart chun saoil phríobháidigh, an ceart chun féiniúlachta cultúrtha, saoirse coinsiasa agus creidimh, saoirse ó leithcheal agus an ceart chun na beatha.

Chuirfeadh deireadh an ACD teorainn leis an chúirt riachtanach seo um Chearta an Duine.

**BREXIT AGUS CEARTA OIBRITHE**

Fágfaidh Brexit nach mbeidh an Chairt Eorpach um Chearta Bunúsacha i bhfeidhm, agus nach mbeidh an breithiúnas deiridh ag Cúirt Bhreithiúnais an AE (CBAE) maidir le soláthar cosaintí cearta.

Bhí fáil ar CBAE ríthábhachtach lena chinntiú go bhfuil mná i dteideal pá chomhionainn d'obair chomhionann, in ainneoin gur shéan rialtas na Breataine seo orthu ar feadh seacht mbliana.

Bhí ar an Choimisiún Eorpach le cinneadh a ghlacadh lena chinntiú go bhfaigheadh mná ní amháin pá comhionann as a bheith sa phost céanna le fear, ach go bhfaigheadh siad pá comhionann as obair arb ionann a luach.

Chinntigh dlí an AE nach dtiocfadh leithcheal a dhéanamh ar mhná agus iad ag iompar trí rialú de chuid na Breataine a chur ar ceal, rialú a dúirt nach ionann briseadh as post den chineál sin agus leithcheal inscne.

Chinntigh CBAE go bhfaigheann oibrithe páirtaimseartha pá saoire agus chinntigh sé caighdeáin sláinte agus sábháilteachta san áit oibre.

**ÁIRÍONN TOSAÍOCHTAÍ SHINN FÉIN:**

- Sáinstádas ar leith don tuaisceart san AE le bhur gcearta agus fáil ar an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine a chosaint.
- Gach ceart agus teidlíocht i gComhaontú Aoine an Chéasta agus i gcomhaontuithe eile ó shin a chosaint.
- Bille Cearta don tuaisceart.
- Cairt Bhunchearta uile-Éireann.
- Deireadh le conarthaí náid uaireanta.
- Cearta oibrithe a chosaint.

**IN AGHAIDH BREXIT,**
**NA TEORANN,**
**CIORRUITHE NA DTÓRAITHE**

# TACÚ LE FEIRMEOIREACHT AGUS AGRAIBHIA A CHUR CHUN CINN

Tá na Tóraithe agus an PAD sásta ár bpobail tuaithe agus geilleagar feirmeoireachta a scrios ar mhaithe le Brexit. Is mórsholáthróir bia agus mórfhostaítheoir earnáil na feirmeoireachta anseo.

**BREXIT AGUS AN FHEIRMEOIREACHT**

Is glantairbhí an tuaisceart i dtaca le maoiniú AE. Tá earnáil na talmhaíochta anseo go mór ag brath ar mhaoiniú AE trí íocaíochtaí díreacha agus trí aoníocaíochtaí feirme ón Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT). Meastar go dtagann 87% d'ioncaim san fheirmeoireacht ó na híocaíochtaí seo.

B'ionann Brexit agus cailliúint £236 milliún sa bhliain ag feirmeoirí, nó £10,184 ar an mheán do gach feirm. Taobh leis seo chaillfí £186 milliún ón Chlár um Fhorbairt Tuaithe.

Thacaigh an PAD leis na Tóraithe, páirtí a dhiúltaíonn gealltanas a thabhairt go gcúiteofaí airgead caillte trí Brexit.

Cuirfidh Brexit baic i bhfeidhm, baic ar a n-áireofaí taraifí, seiceálacha tionscnaimh, tuilleadh páipéarachais, teorainn fhisiciúil agus dhá réimeas éagsúla rialála. Taistealaíonn líon mór ainmhithe agus táirgí ó thuaidh agus ó dheas le próiseáil, le marú, agus don phórú gach lá. Imreoidh Brexit tionchar mór ar dhíol, ar mhargaíocht agus ar phraghas na dtáirgí seo mura mbíonn réiteach ann ar lipéadú tíre tionscnaimh

Cinntíonn rialacháin AE caighdeán ard táirgí ach fágann Brexit muid oscailte d'earraí saora iompórtáilte a fhad agus a bhíonn na Tóraithe sa tóir ar mhargadh trádála a shásaíonn riachtanais s'acu féin, ní riachtanais tháirgeoirí an tuaiscirt.

**ÁIRÍONN TOSAÍOCHTAÍ SHINN FÉIN:**

- Sáinstádas ar leith don tuaisceart san AE lena chinntiú go leantar de thacaíocht do phobail fheirmeoireachta agus fáil go fóill ar mhargaidh.
- Comhaontú saorthrádála bunaithe ar chomhionannas caighdeán agus aitheantas déthaobhach a chosnaíonn bealaí seanbhunaithe trádála agus próiseála.
- Socrú idirthréimhseach leis an bhearna líonadh idir Brexit agus an comhaontú deiridh ar chaidreamh trádála úr idir an Bhreatain agus an Eoraip, agus cur i bhfeidhm céimnithe caidreamh úr.
- Fáil go fóill ar íocaíochtaí CBT.
- Lipéadú tíre tionscnaimh don oileán ina iomláine.
- Fáil ar chearta oibrithe agus oibre a chinntiú.

**IN AGHAIDH BREXIT,**
**NA TEORANN,**
**CIORRUITHE NA DTÓRAITHE**

# GNÓ A TÓGÁIL, TRÁDÁIL A MHÉADÚ

Is baol ollmhór é Brexit na dTóraithe agus an PAD do thodhchaí phobail an oileán seo i dtaca le teorainn talaimh ar an oileán, leis an tuaisceart á bhrú amach as an mhargadh aonair agus le baic ar an trádáil.

Is é atá de dhíth mionstraitéis réamhghníomhach le déileáil leis an chomhthéacs uathúil speisialta ar oileán na hÉireann, mionstraitéis ar a n-áireofaí cosaint ar thrádáil uile-Éireann agus a rachadh i ngleic leis na dúshláin mhóra a bhaineann le comhaontuithe trádála amach anseo idir an tAE agus an Bhreatain.

Ba mhaith le Sinn Féin gach féidearthacht a bhaineann le geilleagar gan teorainn a fhíorú. Caithfidh muid ballraíocht AE choinneáil le go mbaintear seo amach. Caithfidh muid geilleagar rathúil a thógáil a bhfuil gnólachtaí áitiúla láidre beaga agus meánmhéide ag baint leis, taobh le fás bunaithe ar easpórtálacha a mheallann infheistíocht dhíreach eachtrach, bonn láidir scileanna, agus meas ar oibrithe.

Leis an fhírinne a dhéanamh is olc an scéal é Brexit don ghnó agus d'oibrithe.

### BREXIT AGUS AN TRÁDÁIL

Is margadh tábhachtach é an tAE a cheannaigh thar £5bn dár n-earraí agus seirbhísí anuraidh, agus trádáil uile-Éireann a thromlach sin. Cuirfidh Brexit costais bhreise agus srianta leis an trádáil seo. In ainneoin na cainte ar theorainneacha gan dua gan uaim, is é fírinne an scéil go bhfuil rialtas na hÉireann ag ullmhú ionad custam cheana féin a mbeidh orthu réimis nua rialála agus smachta a bhaineann le Brexit a chur i bhfeidhm.

### BREXIT AGUS INFHEISTÍOCHT DHÍREACH EACHTRACH

Tá sé ríthábhachtach gur féidir linn fáil ar an mhargadh aonair a thairiscint maidir le hinfheistíocht isteach, go háirithe sna hearnálacha ardoilte agus ardíoctha. Bainfear dár dtarraingteacht mar láthair d'infheistíocht dhíreach eachtrach má chailltear fáil ar mhargadh an AE, agus caillfear na mílte post.

### BREXIT AGUS CISTÍ STRUCHTÚRACHA

Is foinse thábhachtach cistí struchtúracha é an tAE atá deartha le héagothroime réigiúnda sa tsaibhreas, san ioncam agus i ndeiseanna a laghdú. Fágfaidh Brexit an tuaisceart taobh amuigh den mhaoiniú seo. Beidh tionchar aige sin ar fud na hÉireann agus is féidir go gcaillfí €982 milliún dá bharr.

### ÁIRÍONN TOSAÍOCHTAÍ SINN FÉIN:

- Sáinstádas ar leith don tuaisceart san AE lena chinntiú go mbíonn fáil go fóill ar mhargaidh, ar mhaoiniú agus ar thacaíocht an AE.
- Beart trádála leis an Bhreatain.
- Ag cinntiú go n-áiríonn cláir fhuinnimh agus bhonneagair an AE riachtanais oileáin na hÉireann ar fad.
- Réimse beart fioscach le tionchar tubaisteach Brexit a laghdú, ar a n-áireofaí athruithe ar rialacha fioscacha an AE, eisceachtaí ar rialacha státchabhrach an AE, ciste úr dlúthpháirtíochta Brexit, agus scóip an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú agus deiseanna eile maoinithe a leathnú amach.
- Cearta oibrithe a chosaint.

**IN AGHAIDH BREXIT,**
**NA TEORANN,**
**CIORRUITHE NA DTÓRAITHE**

# TEACHTAIREACHT
## Ó GERRY ADAMS

Bíonn tábhacht le gach toghchán. Ach bíonn toghcháin ann a mbíonn tábhacht stairiúil ag baint leo a imríonn tionchar ar feadh blianta.

Ba den chineál sin an toghchán deireanach Tionóil anseo. Má bhí fianaise ariamh de dhíth ar shaoránaigh do chumhacht a vóta, ba é sin é.

Is féidir go mbeadh toghchán an 8ú Meithimh amhlaidh.

D'fhógair Príomh-Aire na Breataine é ar mhaithe le leas na dTóraithe, leas cúng Sasanach na heite deise. Níl baint dá laghad ag Theresa May le leas na hÉireann, bíodh sé aontachtach nó náisiúnach.

Níl suim ach in Brexit aici. Níl suim aici ach i leas náisiúnta Shasana agus na Breataine.

Is ionann seo agus an méid atá á chur chun cinn ag an PAD agus PAU.

Tá an dá pháirtí seo i bhfách le Brexit.

Tá Sinn Féin ina éadan. Tá orainn dúshlán na bpáirtithe sin a thacaíonn le Brexit a thabhairt.

Tugann an toghchán i Meitheamh deis dúinn seo a dhéanamh.

Beidh deis againn ár bhfís phoblachtach a chur i láthair na dtoghthóirí; teachtaireacht faoi dhóchas don todhchaí, faoi aontú, faoi athmhuintearas agus síocháin do thoghthóirí

Cearta saoránach a dhéanamh comhionann arís; paireacht mheasa agus bunchearta daonna.

Comhaontú Aoine an Chéasta a chosaint.

Seasamh ar son Acht Gaeilge do Ghaeilgeoirí.

Seasamh ar son cearta saoránach chun comhionannais phósta.

Seasamh ar son Bille Cearta.

I mí an Mheithimh anuraidh vótáil tromlach shaoránaigh an tuaiscirt le fanacht san AE. Caithfidh muid an vóta sin a chosaint.

Tá malairt slí inmharthana molta ag Sinn Féin.

Creideann muid go luíonn leas an tsaoránaigh ar an oileán seo le sáinstádas ar leith a bheith bronnta ar an tuaisceart san AE.

Ar an dóigh sin ní bheidh teorainn ar bith de chuid an AE ar ár n-oileán.

Déanfar scrúdú géar ar thoradh an toghcháin seo sa tuaisceart.

Fágfaidh sé a lorg ar na cainteanna leis an fheidhmeannas a athbhunú.

Breathnófar air mar chomhartha eile tacaíochta don aontú.

Caithfidh muid a bheith soiléir faoin méid ba mhaith le daoine:

| | |
|---|---|
| Na Tóraithe ✘ | Cearta do chách ✔ |
| An Teorainn ✘ | Síocháin agus athmhuintearas ✔ |
| Brexit ✘ | Aontú ✔ |

Is ionann vóta do Shinn Féin ar an 8ú Meitheamh agus vóta d'ionadaíocht san áit ar fiú.

Chan cur amú ama in Westminster.

Láidreoidh vóta do Shinn Féin an fhoireann TDanna, Seanadóirí, FPEanna, CTRanna agus Comhairlí sa pháirtí is mó in Éirinn.

Is troid ar son cearta, comhionannais agus Aontú na hÉireann atá sa toghchán seo.

Baineann sé le hÉirinn nua bunaithe ar an mheas.

Déanamis éacht a mbeidh trácht sa stair air ar an 8ú Meitheamh.

**Beidh tábhacht le gach vóta.**

**Beidh vóta láidir do Shinn Féin, in éadan Brexit, agus ar son Aontú na hÉireann riachtanach ar an 8ú Meitheamh.**



# IN AGHAIDH BREXIT, NA TEORANN, CIORRUITHE NA DTÓRAITHE